Gaelscoil Mhic Amhlaigh
Lána an Mhuilleora, Cnoc na Catharach, Gaillimh
**Fón: 091 590152**

# NUACHTLITIR NA SAMHNA

**A Thuismitheoirí, a chairde,**

**27ú Deireadh Fómhair 2023**



## Oíche Shamhna/ Halloween

**Beidh an scoil dúnta don bhriseadh lár- théarma ón 30ú Deireadh Fómhair go 3ú Samhain (san áireamh). Is féidir leis na gasúir gléasadh suas ag teacht ar scoil Dé hAoine 27ú Deireadh Fómhair mar chéiliúradh ar Oíche Shamhna. Ní bheidh cead ag na páistí bataí draíochta, mascanna nó aon uirlis breise a thabhairt isteach leo.Is féidir leis na páistí dhá rud a thabhairt isteach sa bhosca lón dóibh fhéin do chóisir beag ranga. Meabhraítear do thuistí nach bhfuil cead cnónna nó aon bhia le aon rian cnónna a bheith sa bhosca lóin.**

*The school will be closed for midterm break from 30st October – 3rd November (inclusive). The children can come to school in Halloween fancy dress on Friday October 27th. Items such as wands, broomsticks, toy weapons, scarry masks and any other extra items are not permitted (ie. No added props!). Children may bring two treats for themselves in their lunch box for lunchtime. Reminding Parents that nuts or any foods containing nut products are not permitted in lunch boxes due to severe nut allergies.*




## Fáilte /Welcome

**Cuireann muid failte mhór roimh Antoinette a bhéas ag obair sa scoil mar Rúnaí scoile san oifig le Kathleen Guímid gach rath agus sonas uirthi ina cuid oibre ar son na scoile.**

*We extend a warm welcome to Antoinette who has started working in the school office as Secretary with Kathleen. We wish her much happiness and success in her new role in our school.*

## Cruinnithe Tuismitheoirí Múinteoirí Rang 2-6/ Parent Teacher Meetings for 2nd-6th Classes

**Beidh muid ag reachtáil na cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí díreach tar éis na Samhnna do ranganna 2-6 sa scoil. Tá cead ag tuismitheoirí am a roghnú ó na hamanta atá ar fáil ag na múinteoirí ar an aip Aladdin. Beidh cruinnithe Tuismitheoirí/Múinteoirí Ranganna Naíonáin- Rang 1 ar siúl i mí Feabhra.**

*We will be conducting Parent Teacher meetings for classes 2nd- 6th during the two weeks after the midterm break. Parents have been sent a timetable of slots available through the Aladdin App and they can choose the slot that suits them. Parent Teacher meetings for Infant and First Classes will take place in February.*

# *Nuacht Litir na Samhna 2023*

**Polasaí Oideachas Gaeltachta - Rang a 4 – Ceardlanna Filíochta**

**Mar chuid de nasc na scoile le GaeilgeABC sa bpobal tá ceardlainn filíochta a chur le chéile i dteannta scoileanna i limisteirí pleanála teanga eile faoi stiúir na hoifigí pleanála teanga éagsúla. Tá Rang a 4 i nGaelscoil Mhic Amhlaigh ag glacadh páirt i gceardlanna filíochta faoi láthair le beirt fhile iontacha, Máire Holmes agus Aimée Ní Chonaing. Beidh na ceardlanna seo ar siúl ag cúig Ghaelscoil inár gceantair agus beidh muid ag obair le chéile chun ár dteanga dhúchais a threisiú. Beidh leabhrán filíochta le na dánta a fhoilsiú i gcomhair Lá Náisiúnta na Filíochta i Mí Márta an bhliain seo chugainn agus beidh lá speisialta againn chun duaiseanna a bhronnadh ar na scoileanna a ghlac páirt ann. Beatha teanga í a labhairt.**

*Promoting our links with other Gaeltacht communities is vital in promoting the Irish language and through our work with GaeilgeABC our 4th class pupils are been given an opportunity to participate in this wonderful initiative with other Gaeltacht children.*





*The children in 4th class in Gaelscoil Mhic Amhlaigh will be taking part in poetry workshops with two great poets, Máire Holmes and Aimée Ní Chonaing. These workshops will take place in 5 local Gaelscoils and we will be working together to strengthen our native language in our locality. A poetry booklet containing the poems the children have written will be published for National Poetry Day in March of next year. We will have a special day to celebrate and all the schools who have taken part will receive awards.* ***Beatha teanga í a labhairt****.*

## Naíonain Bheaga Blathnaid

**Tháinig an Dochtúr Anna isteach ar cuairt chugainn, mamaí Róise i rang Bhláthnaid agus thaispeáin sí na rudaí ar fad a bhíonn istigh ina mála dochtúra aici! Bhí an-spraoi againn ag cur scrúdú ar a chéile. Go raibh maith agat Dr Anna!**









## Babaró






**Bhí lá iontach ag na Naíonáin Mhóra in Amharclann na Gaillimhe. Bhain siad an-sásamh as an léiriú 'Polar Bear and Penguin' a bhí ar siúl le linn Fhéile Babaró. Bhí siúlóid álainn againn freisin ar an droichead nua in aice na h-Ardeaglaise.**





**Ceachtanna Garraíodóireachta/Gardening Lessons**

**Rinne Rang 1 agus Rang 4 ceachtanna garraíodóireachta le Declan Ó Frinseach i mí an Mheithimh anuraidh. Chuir na páistí réimse leathan glasraí ó chairéidí, pónairí Fhrancach, oinniúin agus prátaí. Bhain na páistí an taitneamh as am a chaitheamh sa ghairdín agus ag foghlaim faoi na buntáistí a bhaineann le fás orgánach. Nuair a d'fhill na páistí ar scoil i ndiaidh laethanta saoire an tsamhraidh bhí sé in am an fómhar a bhaint.**

*The children in 1st and 4th class did gardening lessons in June last year with Declan Ffrench. The children planted a range of vegetables consisting of carrots, French beans, onions and potatoes. The children thoroughly enjoyed spending time in the garden learning about the benefits of organic gardening. When the children returned to school after the summer holidays their crops were ready to be harvested.*



**Gairdín Bhríde**

Bhí turas álainn ag Rang 1 chuig Gairdín Bhríde an tseachtain seo caite. Nach álainn an áit é le faire ar chomharthaí an Fhómhair.

*Rang 1 made a trip to Bridget's Garden last week. What a wonderful place to see the wonderful colours of Autumn.*



## Cnónna –Nuts

**Tá aileirge ar roinnt páistí sa scoil I dtaobh cnónna . Iarrann muid ar chuile thuiste a chinntiú nach bhfuil bia le cnónna mar chuid de lón a bpáistí chun sábháilteacht na bpáistí a chinntiú.**

*Some children in our school have a nut allergy. In order to ensure their safety, we would ask parents to ensure that their children do not have foods containing nuts in their lunchboxes any day at school.*

**Maratón na bPáistí**

Comhghairdeas leis na páistí uilig i Rang 6 atá ag baint éacht mór amach. Tá an trí rang ag glacadh páirt i gclár 'Maratón na bPáistí' thar tréimshe ocht seachtaine agus faoi dheireadh na tréimshe beidh maratón nó 26.2 míle rite acu! Tá na páistí ag foghlaim faoi na buntáistí ar fad a bhaineann leis an aclaíocht ar nós sláinte chroí, rátaí cuisle,cúrsaí meabhairshláinte, scileanna cumarsáide agus díhiodráitiú. Thosaigh na páistí ag rith 600 méadar in aghaidh an lae agus faoi dheireadh na tréimshe beidh siad ag rith 2000 méadar! Tá múinteoirí Rachel, Sally, Siobhán agus Tighearnán chomh-mhórtasach as ucht an méid atá bainte amach acu!

*Congratulations to all of the children in Rang 6 who are participating in Marathon Kids Ireland over the course of eight weeks by running a marathon or 26.2 miles! The children are learning about the advantages of exercise by discussing topics such as heart health, heart rate, mental health, communication skills and dehydration. The children started by running 600 meters each day and by the end of the eight weeks they will be running 2000 meters! Múinteoirí Rachel, Sally, Siobhán and Tighearnán are so proud of all of their efforts!*







### Mini 7's Gaelscoil Mhic Amhlaigh

**Don chéad uair ariamh d'éirigh le foirne GMA sa cheithre chód, iománaíocht, Camógaíocht, Peil agus Peil na Mná teacht amach ar bharr a ghrúpa áitiúil I gcómórtas Mini 7's.**

*For the first time in the history of the school GMA came out winners in all four codes i.e. Camogie, Hurling, Football and Ladies Football in the local qualification Blitzes of the Mini 7's Competition.*



**Bhí dhá lá den scoth ag na cailíní agus ag na buachaillí san iomáint agus sa chamógaíocht coicís ó shin sna reamhbhabhtaí. Bhain na hiománaithe agus imreoirí camógaíochta craobh na cathrach amach ar an gcéad lá agus chuaigh siad ar aghaidh ansin go dtí Craobh an Chontae mini 7's i gCill Chon Iarainn Dé Máirt seo caite. Chailligh na mbuachaillí don chluiche leathcheannais in aghaidh Bhaile Locha Riach ach faraor fuair Baile Locha Riach an ceann is fearr le farasbarr de 3 phointe. Cé gur imir na cailíní an-mhaith níor éirigh leo ár an lá. D'imir ár gcailíní agus buachaillí le croí agus le hanam. Tá muid chomh bródúil astu ar fad. Tá muid ag súil go mór le Comórtaisí Scoile t'éis na Cásca. Idir an dá linn leanóidh muid ar aghaidh ag traenáil t'éis scoil gach Luan do pháistí R4-R6. Míle buíochas le Martina, Saoirse & Fiach as ucht a gcuid oibre ar fad.**

*GMA Camogie players and hurlers enjoyed a great day out a fortnight ago coming out top of their groups, which meant they qualified for the Mini 7's Final day in Kilconieron GAA Grounds last Tuesday. Our boys got to the semi-finals but unfortunately were beaten by Loughrea, the overall winners on the day, by only 3 points. Although our girls played very well it wasn't to be on the day. Both girls and boys played with great heart and spirit and never gave up. We couldn't be more proud of all our young players. We look forward to the main school's competition starting after Easter. In the meantime training continues after school for all from Rang 4-Rang 6 every Monday. Many thanks to Martina, Saoirse & Fiach for all their work with the children.*



## Peil i Naíonáin Bheaga.



**Tá traenálaí ó Chlub Peile Bhóthar na Trá/ Cnoc na Cathrach ag teacht isteach chugainn i Naíonáin Bheaga chun scileanna peile a mhúineadh do na páistí. Bíonn an Idirbhliain as Coláiste na Coiribe ag cabhrú freisin. Tá na Naíonáin Bheaga ag baint an-tairbhe as. Míle buíochas leo.**

*A Caoch from Salthill/Knocknacarra club is coming in to teach the Naíonáin Bheaga football skills. Transition year students from Coláiste na Coiribe are helping them also. The Naíonáin Bheaga are really enjoying it. Many thanks to the trainer and students.*



## Seachtain na Mata

**Mar chuid de Sheachtain na Mata, bhí Biongó ag Naíonáin Bheaga sa halla agus bhí an-spraoi acu. Chabhraigh páistí ó rang a 6 leo. Míle buíochas!**

*As part of Maths week, Naíonáin Bheaga had bingo in the hall and they had a great time. Students from 6th class helped them out. Many thanks to them!*







**Seachtain na Mata/ Maths Week:**

**Le linn na seachtaine bhí gníomhaíochtaí éagsúla Mata ar bun ag na gasúir i gcóir Seachtain na Mata. Mór buíochas do chuile dhuine a roinn grianghraif linn ag léiriú an úsáid gur bhain siad as 'Na Súile Mata.' Beidh siad ar thaispeántas i bhfáiltiú na scoile roimh an mbriseadh lár- théarma. Ghlac roinnt ranganna páirt i gceardlanna ar líne m.sh. Izak 9 Beo, Tráth na gCeist agus 'Times Tables Rock Stars.' D'fhreastal an trí Rang 5 ar cheardlann Mhata le Steve Sherman (livingmaths.com) san Ollscoil. Chaith cúpla rang am ag oibriú ar 'Puzail an Lae' agus ar cheisteanna Fermi. Cúpla sampla anseo:**
Puzzles for All – MATHS WEEK IRELAND
**Bheadh rochtain fós ar chúpla clár teilifís ó bhlianta eile, a bheadh feiliúnach do páistí sna bunranganna tríd an nasc a leanas–**
https://www.mathsweek.ie/2022/maths-week-tv-on-demand/

## 'Cén chaoi gur féidir liom cabhrú le mo pháiste le mata sa bhaile?'

**Tá sé mar aidhm ag an alt seo na leideanna is fearr a thabhairt duit maidir le cén chaoi gur féidir cabhrú le do pháiste le mata sa bhaile:**
**Tabhair spreagadh: Cuimhnigh go bhfuil do pháiste ar thuras foghlama agus ní gá dóibh deireadh an turais seo a bhaint amach inniu nó amárach. Spreag intinn fiosrach trí cheisteanna a chur faoin gcaoi ar réitigh siad rud éigin, nó an bhféadfaí é a dhéanamh ar bhealach difriúil.**

**Is iontach an rud é botún a dhéanamh! Léiríonn taighde go dtagann forbairt ar an inchinn nuair a dhéantar botún. Déan ceiliúradh ar seo agus ná cuir an bhéim ar an bhfreagra ceart a fháil an t-am ar fad – cinnte**
**go bhfuil sé tábhachtach ach an chaoi gur tháinig siad ar an bhfreagra an rud is tábhachtaí !**

**Cuardaigh an mata timpeall ort. Is minic a fhágann páistí an scoil leis an tuiscint gurb í an mhatamaitic an rud a tharlaíonn le linn rang matamaitice agus laistigh de leabhar matamaitice. Tá i bhfad níos mó ná sin i gceist. Cuir ar an eolas iad faoin mata atá ar siúl timpeall orthu go laethúil ar an oiread sin leibhéil éagsúla.**

**Tá sé ceart go leor gan an freagra a bheith ar eolas agat. Is deis foghlama criticiúil do pháistí a thuiscint nach bhfuil na freagraí go léir ag daoine fásta fiú. Ba chóir go dtuigfeadh páistí nach stopann an fhoghlaim riamh. Is é an rud a dhéanann tú ina dhiaidh sin atá an-tábhachtach. An siúlann tú amach mar níl an freagra ar eolas agat nó an ndéanann tú iarracht fadhb a réiteach agus é a dhéanamh amach?**

**Is bealach iontach iad cluichí boird chun am a chaitheamh le do pháistí agus má tá an cluiche boird ceart agat, is iomaí spraoi, dúshláin agus foghlaim a tharlaíonn. Is príomhghnéithe den mhatamaitic iad straitéis agus an loighic: nuair a chaileann páiste i gcluiche, spreagann sé iad chun smaoineamh go straitéiseach ar cén chaoi gurbh féidir leo an bua a bheith acu an chéad uair eile.**

**Labhair 'mata' leo. Má úsáideann tú an foclóir ceart matamaitice le do pháiste léiríonn tú dóibh an teangain atá tú ag súil go mbeadh acu.Níl aon fhocal matamaitice ró-'fhada' nó 'casta'. Go minic déarfaidh páistí 'Rinne mé i mo chloigeann é ach níl a fhios agam cén chaoi é a mhíniú?'**

*The children had the opportunity to participate in various Maths activities for Maths Week. A big thank you to everyone who shared their photos illustrating their use of ' Maths Eyes 'at home. These photos will be on display in the school reception area before the mid-term break. A number of classes took part in online workshops m.sh. Izak 9 Live, Quiz and 'Times Tables Rock Stars.' The three 5th Classes attended a Maths workshop with Steve Sherman (livingmaths.com) in University of Galway. Some classes spent time working on 'Puzzle of the Day' and Fermi questions. A few examples from previous years can be viewed here: Puzzles for*

*All – MATHS WEEK IRELAND  Some TV programmes from previous years suitable for Junior classes can still be accessed at https://www.mathsweek.ie/2022/maths-week-tv-on-demand/*

***'How can I help my child with maths at home?'***

*This article aims to give you the top tips on how you can best help your child with maths:*

*1. **Be encouraging**: Remember your child is on a learning journey and they do not have to reach the end of this journey today or tomorrow. Encourage an inquisitive mind by asking questions about how they solved something, or if it could be done in a different way (which it always can be). Ensure puzzles and stimulating activities are on hand for when boredom sets in.*


*2. **Making a mistake is great!** New research has shown that the brain actually grows when a mistake is made. Celebrate this and do not put the emphasis on getting the correct answer all of the time – sure it is important but how they got there is far more intriguing!*

*3. **Look for the maths around you.** Children very often leave school with the impression that maths is what happens during maths class and with a maths book. Maths is so much more than that. Make them aware of the maths that is taking place around them on a daily basis on so many different levels, for example, a carpenter fitting stairs in a house – what measurements might be needed? A sales assistant balancing the tills in the evening – how will they know if it balances? Parking a car involves spatial awareness – is there enough space for my car there? Why or why not?*

*4. **It is okay not to know the answer**. A critical learning opportunity for children is to see that even adults do not have all the answers. Children should realise that learning never stops. It is what you do next that is really important.  Do you walk away because you don't know the answer or do you try to problem solve and figure it out?*

*5. **Board games are a great way to spend time** with your children and choosing the right board game can provide hours of fun, challenge and learning. Strategy and logic are key elements of maths: beating your child at a board game every night for a week will develop resilience and problem-solving skills that will encourage them to think strategically about how they can beat you the next time.*

*6. **Speak 'maths' with them**. Using the correct mathematical vocabulary with your child will expose them to the language that you are expecting them to have. If a four or five-year-old child can learn the names of all the dinosaurs and say them correctly then no mathematical word is too 'long' or 'complicated'. Very often children will say 'I did it in my head' but not know how to explain it. This is because they more than likely do not have the language to do so and/or have never been asked to explain it before. Have high, realistic language expectations for them when doing maths.*



## Seachtain Mhata na hÉireann 2023





**Bhí 'Seachtain Mhata na hÉireann' á cheiliúradh againn anseo i nGaelscoil Mhic Amhlaigh arís i mbliana. Bhí an-spraoi ag na páistí i Rang 2 Karen agus Christina le cluichí mata, cluichí cártaí agus fadhbanna a réitiú i ngrúpaí. Bhí muid ag smaoineadh ar na bealaí ar fad a úsáideann muid an Mhata inár saol agus ghlac muid grianghraif dúinn féin ag úsáid Mata sa bhaile lenár 'Súile Mhata'.**

*We are celebrating 'Maths Week Ireland' this week in Gaelscoil Mhic Amhlaigh. Rang 2 Karen and Christina had a lot of fun participating in problem-solving activities in groups, playing maths games and maths card games. We have been thinking of ways we use maths in our lives each day. We also took photos at home using our 'Maths Eyes'.*

Rinne muid Rian Mata timpeall na scoile freisin. Bhí muid ag comhaireamh, ag ceistiú, ag miniú, ag rangú, ag tomhais, ag suimiú agus ag iarraidh cruthanna a chuardach inár dtimpeallacht scoile. Is breá linn a bheith ag smaoineamh go matamaiticiúil!

*We also took part in a maths trail in school. We were counting, questioning, explaining, categorising, measuring, adding and searching for shapes and numbers in our school environment. We love using our mathematical thinking skills!*





## Sintiús Ealaíne & Árachas Pearsanta/Art/Photocopying Subscription/Personal Accident Insurance

**Bheifí buíoch ach go n-íocfaí as an sintiús seo ar líne (e-payment), mar a bhí luaite ar liostaí stáisineoireachta ag tús Meán Fómhair - €60 do gach páiste. Tá an scoil ag íoc árachas pearsanta 24 uair a chloig do gach páiste as seo, achmhainí, ábhar ealaíne, fótacoipéail, tástáil, cíos leabhra, sintiús scoile Seesaw do roionnt ranganna & rl. Íocann an scoil árachas pearsanta 24 uair a chloig do gach páiste as an sintiús seo a chlúdaíonn timpistí a tharlaíonn sa bhaile chomh maith le timpistí ar scoil.**

*Please submit the subscription online (e-payment) for the materials listed on the stationary list due since the beginning of September - €60 per child for Junior Infants-6th Class. The school is paying 24 hour Personal Accident Insurance cover for each child, Art materials, photocopying, assessments, Seesaw subscription for some classes, provision of accelerated readers, class resources etc out of this subscription. 24 hour personal insurance is paid by the school for every child and covers accidents at home, as well as at school, 24 hours 7 days a week.*

## Miolta Gruaige/Headlice

**Iarrtar ar thuismitheoirí gruaig a bpáistí a sheiceáil le linn an sos lárthéarma. Féach nóta faoi 'Bug Busting' ar an suíomh idirlín. Is féidir an bosca 'Bug Busting' a cheannacht ón oifig muna bhfuil ceann agat.**

*Parents are asked to check children's hair during the midterm break and treat accordingly. Please see guidelines on 'Bug Busting' system in the Downloads section on our website. You may buy a 'Bug Busting' kit from the school office if you're finding it difficult to find one.*

## Ráiteas Um Chumhdach Leanaí

**Is mian le Bord Bainistíochta na scoile an méid seo leanas a chur in iúl do Thuismitheoirí agus do Phobal na scoile.**

- **Tugadh chun críche athbhreithniú bliantúil an Bhoird Bainistíochta ar Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ag cruinniú an Bhoird a tionóladh ar an 24ú Deireadh Fómhair 2023.**
- **Rinneadh an t-athbhreithniú sin I gcomhréir leis an 'Seicliosta le haghaidh Athbhreithnithe ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí' a foilsíodh ar shuíomh ghréasáin na Roinne gov.ie.**
- **Déanadh athbhreithniú ar an Ráiteas chomh maith le go mbeadh sé ag dul le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoile, an leagan athbhreithnithe 2023 agus de réir ciorclán 0036/2023 na Roinne.**
- **Tá an ráiteas crochta taobh istigh de dhoras an fháiltiú sa scoil agus ar shuíomh ghréasáin na scoile.**
- **Mar is eol daoibh ónár gcruinnithe go dáta, Sí Dairíona Nic Con Iomaire an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe agus Órla Ní Bhriain an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmithe.**

# *Nuacht Litir na Samhna 2023*

*The Board of Management wishes to inform you that:*

- *The Board of Management's annual review of the school's Child Safeguarding Statement was completed at the Board meeting of 24th October 2023.*
- *The review was conducted in accordance with the 'Checklist for Review of the Child Safeguarding Statement' published on the gov.ie website.*
- *The Board of Management formally adopted the 2023 Child Protection Procedures for Primary and Post –Primary Schools (revised 2023) in accordance with circular 0036/2023.*
- *Our Child Safeguarding Statement is displayed inside the main Reception area.*
- *As shared with you at all school meetings to date, Dairíona Nic Con Iomaire is the Designated Liaison Person and Órla Ní Bhriain is the Deputy Designated Liaison Person.*

## Fundraiser –Cártaí Nollag/Christmas Cards

**Tá na cártaí Nollag dearadh ag na páistí agus tá súil againn iad a bheith arais againn ó na clódóirí go luath . Cuirfear abhaile sampla t'éis na Samhna ionas gur féidir libh ordú a chur isteach más mian libh. Beidh costas €10 an phaca orthu.**

*The children have designed their own unique Christmas card again this year and they are with the printers at the moment. We will be sending a sample card home after the midterm so that you may order them in time for sending to family and friends for Christmas if you wish. Cost will be €10 per pack.*

## Quiz Bord / Table Quiz

- **Thar ceann na scoile ar fad, ba mhaith liom Comhgháirdeas ó Chroí a dhéanamh le coiste na dTuismitheoirí as ucht an Quiz Bord iontach a d'eagraí siad thar ceann na scoile an tseachtain seo caite.**
- **Chuir siad an t-uafás obair isteach agus míle buíochas do Phobal na scoile agus do Phobal Chnoc na Cathrach a thug tacaíocht iontach dóibh. Bhí oíche álainn spraoiúil ann . Bhí sé go hálainn castáil le chuile dhuine.**
- **Buíochas ollmhór don choiste agus do Sheáin Ó Leidhinn, Cathaoirleach an Bhord Bainitíochta a stiúraigh an oíche. Go dáta bailíodh €7,032 idir urraíocht agus an méid a tógadh ar an oíche. Is mór an lear airgid é seo. Molann muid go hard sibh!**

- *On behalf of the entire school, I would like to say a massive **Congratulations to our wonderful Parents Association** for the fantastic night had by all last Thursday night. They worked tirelessly for the last few weeks gathering prizes and putting all in place for the school Table Quiz last week. Many thanks to all of you who supported their efforts by attending, giving sponsorship, donating a prize etc.*
- *Thanks so much to everyone who helped the Parent's committee, correctors, Seán for keeping us all on our toes with the questions. It was a very enjoyable and social occasion for the school community.*
- *€7,032 has been gathered to date between sponsorship and taking son the night. A massive thank you to all.*

# Fógra maidir le hathbhreithniú bliantúil an Bhord Bháinistíochta ar an mbeartas frithbhulaíochta:

**Is mian leis an mBord Bainistíochta na nithe seo leanas a chur in iúl do thuismitheoirí agus pobal na scoile:**

- **Tugadh athbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus a fheidhmiú chun críche ag cruinniú an Bhoird den 13ú Meitheamh 2023.**
- **Rinne an t-athbhreithniú i gcomhréir leis an seicliosta atá leagtha amach in Aguisín 4 de na Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile.**

# *Nuacht Litir na Samhna 2023*

## Notification regarding the Board of Management's annual review of the anti-bullying policy:

The Board of Management wishes to inform Parents and the school community that:

- The Board of Management's annual review of the school's anti-bullying policy and its implementation was completed at the Board meeting of 13th June 2023.
- This review was conducted in accordance with the checklist set out in Appendix 4 of the Department's Anti-Bullying Procedures for Primary and Post –Primary Schools.

## Rothaíocht/ Cycling

Molaim go hard gach éinne atá ag siúl agus ag rothaíocht ar scoil. Míle buíochas leis an bus rothaíochta agus na tuismitheoirí /múinteoirí ar fad atá ag cuidiú leis na páistí ar go leor bealaí agus ag tabhairt an deis seo dóibh. Má tá suim agaibh bheith páirteach sa mBus Rothaíochta nó tacu leo mar mhaoirseoir, seol ríomhphost chuig galwaycyclebus@gmail.com. De bharr an méid daoine atá thart timpeall ar an suíomh, iarraim oraibh siúl leis an rothar le bhur dtoil ar an suíomh scoile. Iarraim muid oraibh chomh maith glas a chur ar na rothair an fha's atá siad ar shuíomh na scoile.

Well done to all our parents and children who are cycling and walking to school. We are so grateful to our cycling bus and the many parents/teachers who are participating in this healthy initiative for all. If you are interested in joining the cycle bus or volunteering as a marshalling you can email galwaycyclebus@gmail.com. We ask you to walk with your bikes on the school site to ensure everyone's safety. Bikes should be locked when unaccompanied on the school site. Míle buíochas.

## COISTE TRÁCHTA/ TRAFFIC COMMITTEE

**Buíochas ó chroí leis an gcoiste tráchta agus leis na tuismitheoirí nua atá ag cuidiú leo i mbliana. Tá sibh ag cabhrú le gach duine a choinneáil sábháilte ar maidin agus muid fíor bhuíoch díobh. Fáilte speisialta roimh na tusití nua a bhí sásta cabhrú linn i mbliana.**

***A special thank you to our helpful and selfless traffic committee who are keeping everyone safe and assisting with the morning traffic. The work you do for the parents of our children is significant and so appreciated.***

*Smile and thank them each morning!*

## TRÁCHT/ TRAFFIC

**Cúpla meabhrúcháin!**

- **Níl cead tiomáint isteach ar láithrean na scoile ar maidin ach amháin má tá tú ag fágáil do pháiste ag an spás 'Fág & Fuadaigh'**
- **Níl cead tiomáint isteach ar láithreán na scoile tar éis scoile ar chor ar bith seachas nuair atá sibh ag bailiú ón iarscoil ag 4 nó 6 i.n.**
- **Iarrtar oraibh páirceáil sa gcarrchlós atá trasna an bhóthair ag Dunnes agus siúl an bealach gear chun na scoile leis na páistí . Déanfaí an siúlóid gear maitheas dóibh.**
- **Má bhíonn tú ag pairceáil in aice le Lána an Mhuilleora, taispeáin meas agus bí tuisceanach do na tionóntaí i n-eastát Gort na Bró . Ná bí ag páirceáil in aice bealach isteach & amach an eastát le bhur dtoil.**
- **Smaoinigh má bhíonn tú ag tiomáint ar chlé, páirceáil ar chlé. Má bhíonn tú ag tiomáint ar dheis , pairceáil ar dheis . Cuideoidh sé leat fhéin & gach duine eile & tá sé sábháilte!**
- **Ná párcáil ar cosáin, trasnáin nó línte dúbailte buí.**

- You are only permitted to drive on the school grounds in the morning to use the "Drop and Go facility".
- You are only permitted to drive on the school grounds between **4-6pm** to collect children from afterschool.
- Please use the carpark across the road at Dunnes and walk the short distance to the school with children. The walk will do them good.
- If parking near Miller's Lane, please be respectful of residents in the Gort na Bró estate. Don't park at the entrance to the estate.
- To reduce risk to children and other road users, park in the direction of traffic flow i.e.- driving on the left, park on the left or driving on the right, park on the right.
- **PLEASE DO NOT PARK ON FOOTPATHS, IN CROSSING ZONES OR YELLOW LINES.**


## Clárúcháin Scoile / School Enrolments

**De réir Polasaí nua Iontrála na scoile, beimid ag glacadh le foirm iarratais do Rang Naíonain Bheaga 2024 suas go dtí 12ú Eanair 2024. Déan cinnte go bhfuil ainm do pháiste ar an liosta atá againn má tá páiste agat atá ag tosnú ar scoil i Meán Fómhair 2024. Beimid ag tabhairt amach na spásanna ar an 26ú Eanair 2024.**

*In accordance with our Annual Admission notice, we will be accepting applications for our new Junior Infant classes 2024 up until January 12th 2024. If you have a child who is due to start school in September 2024, please ensure their names are on the applications list.*

*Places will allocated in accordance with new enrolment policy on the 26th January 2024.*





## Cóineartú/ Confirmation

**Níl aon data fáighte againn don Chóineartú. Nuair a chuirfear i n-iúl dúinn é, cuirfimid i n-iúl daoibh é ar an bpoinnte.**

*We haven't been given a date for Confirmation yet. We will inform you of same once notified.*

## Team Hope-Christmas Shoebox Appeal 2022

A thuimitheoirí, a chairde.

**An t-am sin den bhliain arís!!!! Tá muid ag tabhairt faoin Team Hope Christmas Shoebox Appeal arís i mbliana. Is carthanacht iontach é a chuireann boscaí goodies ag páistí bochta, ar fud oirthear na hEorpa agus freisin chuig tíortha na hAfraice. Tá bileog eolais faighte ag chuile pháiste sa scoil. Bheadh muid fíor bhuíoch dá ndéanfadh chuile pháiste iarracht bosca a chuir le chéile i mbliana. Beidh an bus ag teacht chun na boscaí a bhailiú uainn ar an Aoine an 10ú Samhain. Mar sin iarraim oraibh gan na boscaí a thabhairt isteach go dtí tar éis na Samhna. Is féidir an €4 chun costais taisteal a chlúdach a íoc ar líne nó €4 a chuir leis an mbosca.**



*That time of the year folks!!! Again this year we are collecting shoeboxes for the Team Hope Christmas Shoebox. This is a fantastic charity which send boxes to needy children all over Eastern Europe and to parts of Africa. Every child in school has now received an information leaflet. It would be great if every child in school could put a box together this year. The bus is coming to collect our boxes on Friday the 10th of November so we ask you not to start bringing in the boxes until after the Halloween break. The €4 which is to be paid to cover transport costs can be paid online or €4 can be put with the shoebox.*

Go raibh míle maith agaibh.

Rasaí tras tíre.

Comhghairdeas le na reathaí tras tíre as Gaelscoil Mhic Amhlaigh gur éirigh leo dul chomh fada leis na rasaí Connachta.   .

Congratulations to the cross country runners who have qualified for the Connacht finals.

The runners are

**Anton Ó Conchúir**

**Tadhg Ó Sioráin**

**Noah Ó Maonaigh**

**Finn ó hÉibheacháin**

**Oisín Ó Cearra**

**Henry Ó Gloinn**

Peil

Déirigh leis na foirne mini 7's cailíní agus buachaillí na scoile dul tríd go dtí na cluichí ceannais condae a bheidh ar siúl ar an Mháirt an 7ú Samhain in Annaghdown. D'imir siad iontach sna comórtas áitiúil, áit ar bhuaigh siad gach cluiche.  Ádh mór ar an dá fhoireann sna cluichí ceannais.  Míle buíochas le Aonghus, Joe & Fergal as ucht a dtacaíocht ar fad.

Both the boys and girls mini 7's football teams managed to qualify for the county finals being held in Annaghdown on Tuesday 7yj November. They played brilliantly in the local competition and won all their games. Best of luck to both teams in the finals.  Many thanks to Aonghus, Joe & Fergal for all their support.

## Maratón na bPaistí





**Comhghairdeas leis na páistí uilig i Rang 6 atá ag baint éacht mór amach. Tá an trí rang ag glacadh páirt i gclár 'Maratón na bPáistí' thar tréimshe ocht seachtaine agus faoi dheireadh na tréimshe beidh maratón nó 26.2 míle rite acu! Tá na páistí ag foghlaim faoi na buntáistí ar fad a bhaineann leis an aclaíocht ar nós sláinte chroí, rátaí cuisle,cúrsaí meabhairshláinte, scileanna cumarsáide agus díhiodráitiú. Thosaigh na páistí ag rith 600 méadar in aghaidh an lae agus faoi dheireadh na tréimshe beidh siad ag rith 2000 méadar! Tá múinteoirí Rachel, Sally, Siobhán agus Tighearnán comh-mhórtasach as ucht an méid ata bainte amach acu!**

Congratulations to all of the children in Rang 6 who are participating in Marathon Kids Ireland over the course of eight weeks by running a marathon or 26.2 miles! The children are learning about the advantages of exercise by discussing topics such as heart health, heart rate, mental health, communication skills and dehydration. The children started by running 600 meters each day and by the end of the eight weeks they will be running 2000 meters!  Múinteoirí Rachel, Sally, Siobhán and Tighearnán are so proud of all of their efforts

An Coiste Glas

Comhghairdeas le ball den choiste glas a bhí ar nuacht Cúla 4 ar an Aoine an 6ú Deireadh Fómhair alabhairfaoi cúrsaí athchúrsála sa scoil. Rinne sibh an-jab ar fad a pháistí! Aon duine nár éirigh leo é a fheiceáil tá sé ar an Player.

Bhí seachtain siúl ar scoil againn ag tús na míosa seo. Rinne na ranganna an-iarracht a bheith ag siúl agus rothaíocht ar scoil. Bhain gach duine taitneamh as na comórtais 'Ceangail d'iallacha' agus 'Bling do Bhróg'. Seo chugaibh cuid de na bróga a bhua!




sméara dubha
gort cruithneachta
cnó capaill
puimcíní
gráinneog


10K
5K



**Sábháilteacht ar Líne / Online Safety**

Tá cúpla ball nua den choiste Sábháilteacht ar Líne agus muid fíor bhuíoch go bhfuil tuismitheoirí sásta tacaíocht a thabhairt dá chéile chun na páistí a choinneáil sábháilte ar líne. Tá cúpla smaoineamh nua againn le cur i bhfeidhm i rith na bliana. Beimíd i dteagmháil libh go luath faoi seo.

Tá an Comhaontú beo agus é líonta ag go leor tuismitheoirí. Míle buíochas! Ba bhreá linn líon mór tuismitheoirí eile a mhealladh an comhaontú a shíniú (arís má tá sé líonta i mblianta eile) chun tacú lena chéile gan fón cliste a cheannach dá bpáistí nó ligint dóibh bheith ar na meáin sóisialta nó ar chomhráití grúpa **go dtí go bhfagann siad GMA.** An sprioc atá ag an gcomhaontú ná **go gcloífidh siad le seo go dtí go bhfuil siad iomlán críochnaithe i Rang a 6.** Tuigeann muid go mbíonn brú ar thuismitheoirí, go háirithe tuistí Rang a 6, fón cliste a cheannach dá bpáistí don Chóineartú nó don Nollaig ach molann an coiste go láidir an nasc seo leis an gCóineartú nó an Nollaig a bhriseadh. Beidh sé i bhfad níos tairbhí má sheasann tuismitheoirí an fód le chéile maidir le seo mar go mbíonn cúpla mí maith fágtha sa bhunscoil ón Nollaig agus Márta ar aghaidh. Iarrann muid oraibh machnamh ar seo. Is ar leasa na bpáistí atá sé.

Seo nasc don chomhaontú: https://forms.gle/Qt4LwSbe8WipAKjR8

Má tá aon deacracht agat á líonadh nó má tá smaointe agat cuir ríomhphost chuig fiachra.odubhghaill@gsmhicamhlaigh.ie. Déan iarracht é a oscailt ar do fón má tá deacracht agat leis ar do laptop.

Féach roinnt moltaí ó Cybersafe Kids thíos. B’fhéidir gur mhaith leat triail a bhaint as an “Cyberbreak” atá molta acu: https://www.cybersafekids.ie/cyberbreak/

*There are a few new members of the Online Safety committee and we are very grateful that parents are willing to support each other to keep the children safe online. We have a few new ideas to implement during the year. We will be in touch soon about this.*

*The Agreement has been signed by many parents. Míle buíochas! We would love to get more parents to sign the agreement (even if you have signed it in previous years) to support each other in not allowing them own a smartphone or allowing them to access social media or group chats* ***until they leave GMA****. The goal of the agreement is for them to adhere to the agreement* ***until they are fully finished in 6th class.***

*We understand that parents, especially parents of children in 6th class, may feel pressure to buy their children a phone for Christmas or for the Confirmation, but the committee strongly recommends breaking this link with Christmas or Confirmation. It will be much more beneficial if parents stand together in this regard, as there are a few months left in primary school from Christmas and March onwards. We ask you to give this strong consideration. It is in the best interests of the children.*

*Here is a link to the agreement: https://forms.gle/Qt4LwSbe8WipAKjR8*

*If you have any difficulty filling it in or if you have ideas you'd like to share with the committee please email fiachra.odubhghaill@gsmhicamhlaigh.ie. Try to open it on your phone if you have difficulty opening it on your laptop .*

*See some recommendations from Cybersafe Kids below. Maybe you would like to give their "Cyberbreak" a try! https://www.cybersafekids.ie/cyberbreak/*

CYBERSAFE KIDS

# TOP TIPS FOR CAREGIVERS & PARENTS

**CyberBreak**
A 24 hour family digital detox
from 5pm, Friday 20th October

## 1 INTRODUCE TECHNOLOGY GRADUALLY

- Start slowly - e.g. game offline, use your own device, sign up with family email address
- Build trust before buying a smart device: keep careful eyes and ears out when they're online
- Check out PEGI and Common Sense to find out about age ratings and content

## 2 CREATE HEALTHY HABITS

- Charge devices in a communal area
- Keep devices out of bedrooms: avoid using them at all from 1 hour before bedtime
- Make mealtimes tech-free
- Think about your own online use and the example it sets: practise what you preach!

## 3 CHECK OUT PARENTAL CONTROLS

- Explore parental controls - these exist on most devices
- Use child friendly versions of apps e.g., YouTube Kids (remember these are not foolproof!)
- Use SafeSearch options on search engines (e.g., Google, Safari, Edge, Qwant Jr)
- Check out controls on games, especially chat settings and follower lists

## 4 START THE CONVERSATION NOW

- Make talking about the online world a normal and ongoing conversation
- Ask: "What kind of things do you like doing online?"
- Reassure: "You can always talk to me if you see or hear anything that worries you."

## 5 DO THINGS TOGETHER!

- Ask your children to teach you how to use a popular app or play their favourite game
- Check out apps and games that promote creativity and collaboration e.g. Minecraft
- Sign up for a local Coder Dojo group in your area

**Online Safety Matters**
**www.cybersafekids.ie**

CHECK OUT OUR DIGITAL PARENTING BOOKLET!

# Snámh/Swimming

Comhghairdeas ó chroí leis na páistí seo leanas a ghlac páirt sa Minor Schools Gala i Leisureland an deireadh seachtaine seo caite . D'eirigh go hiontach ar fad leo agus fuaireadar cúpla bonn chomh maith ! Míle buíochas leis na tuistí ar fad a thug an-tacaíocht dóibh thar an deireadh seachtaine agus le Fergal as ucht a dtacaíocht dóibh chomh maith. Bhí 23 páiste san iomlán ag glacadh páirt. An méid is mó a bhí againn le blianta. Nar laga Dia sibh. Seo thíos na páistí a ghlac páirt.

***Sam Mac Lochlainn, Mark Williams, Jane Ní Rinn , Liam Ó Cuinneagáin , Ella Goodfellow , Grace Breathnach, Elena Ní Charragaín, Fionnán Breathnach, Maia Ní Chathmhaoil, Leah Ní Mhurchú,***

***Maggie Nic Craith , Diarmaid de Bhál , Rose Nic Sheoin , Lucy Ní Dhuinneacha , Ciara Ní Chuinneagáin, Lucy Ní Néill, Ava Nic Lochlainn, Conor Williams, Ina Muhametaj, Aodán Breathnach, Sophie Ní Mhaolchallan, Caoimhe Ní Icí & Cillian Ó Laithimh .***

*A big congratulations to our school swim team above who participated in the Minor Schools Gala in Leisureland during last weekend. We had a huge panel of 23 swimmers. They swam wonderfully and we are so proud of them all . We even secured a few medals ! A huge thank you to the dedicated group of parents who support our school team and to Fergal for his support to them .*

